

☘ An Lúibín ☘

31 Márta 2010

Aire nua

An activist Minister for Irish departs.

D'imigh fear agus tháinig fear. Is fada Éamon Ó Cuív ina Aire Gaeltachta, ach tá duine nua tagtha i gcomharbacht air: Pat Carey TD, agus athrú beag ar a theideal - an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Tá Gaeilge ag an Aire nua agus bhí baint aige cheana leis an obair mar Aire Stáit.

Is é Éamon Ó Cuív an tAire Cosanta Sóisialta anois - ardú céime. Deirtear nach bhfuil gnaoi na ndaoine ar an rialtas féin faoi láthair: tá os cionn 450,000 duine gan obair fós de dheasca an mheatha airgeadais. Díol spéise é an dearcadh a bheadh ag rialtas eile i leith na Gaeilge dá dtiocfadh sé i gcumhacht. Gaeilge éigeantach a chaitheamh amach? Ach tá meas ar Ó Cuív, agus rinne sé a lán: stádas na teanga sa Choimisiún Eorpach a dhaingniú, Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur chun cinn, Oifig an Choimisinéara Teanga a bhunú. Bhí beagán níos mó conspóide ag baint le cáipéisí Béarla a aistriú go Gaeilge, cáipéisí nach léifí choíche agus a bhfuil costas mór ag roinnt leo.

D'fhógair an t-iar-Aire athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil, agus a lán tránna le freastal: cothromaíocht idir stádas na teanga a chaomhnú agus beocht na teanga a chothú, riachtanais an fhoghlaimeora a chur san áireamh agus cuimhneamh freisin ar an gcainteoir oilte. Ba mhian leis teanga a bheith ann 'a gcuireann a struchtúr saibhir gramadaí ar a cumas raon leathan nathanna is mianta a léiriú'. Cuspóirí fóna, ach is mór idir rialacha agus cleachtadh.



Ar an gcoigríoch

A series of interviews on Raidió na Gaeltachta with Irish speakers from elsewhere.

Ní áirítear ina dtáin iad ach tá siad ann: eachtrannaigh a chuir fúthu in Éirinn agus Gaeilge ar a dtoil acu. Anois tá siad le cloisteáil ar Raidió na Gaeltachta. Tomás Mac Con Iomaire a chuir agallamh orthu, agus craoltar an clár úd, *Ar an gCoigríoch*, ar an Satharn ag 10am. Tá cúig agallamh déag ag baint leis (agus cuid acu craolta anois), agus gach ceann acu ar fáil mar chomhad éisteoireachta sa tseachtain i ndiaidh a chraolta.

Bhí Áine Uí Ghiollagáin (Meiriceá), Ariel Killick (an Astráil), Máirín Nic Fhionnghuin (Albain) agus Aindrias Vogel (an Ghearmáin) le cloisteáil cheana. Bhí Ariel iontach líofa sular fhág sí an Astráil, agus fíorbhlas Chonamara ar a cuid cainte. As Oileán Leódhas in Inse Gall do Mháirín agus Gàidhlig ar a toil aici; ach ba dhóigh leat ar a cuid Gaeilge gur i nGaoth Dobhair a rugadh í.

Ag seo cuid de na cláir atá le teacht:

Dé Sathairn 3 Aibreán: Beítí Uí Bhaoill, An Bhreatain Bheag
Dé Sathairn 10 Aibreán: Tomas Petervary, An Ungáir
Dé Sathairn 17 Aibreán: Lucia Atencia Fernández, An Spáinn

Tá Chinatsu Hakamada orthu siúd a bheidh ag caint - Seapánach ón Spidéal atá ag gabháil do PhD ar stair ghluaiseacht na Gaeilge.

Éist le <http://www.rte.ie/rnag/arangcoigrioch.html>.



Drámaí TG4

Dramatically, TG4 punches rather above its weight.

Ní deacair teacht anois ar shaibhreas TG4. Téigh go dtí www.tg4.ie; cuir an seinnteoir ag bogadh agus roghnaigh clár – cúrsaí reatha, nuacht, dráma nó eile. Anois tá seirbhís eile ar fáil – ceann nua beo ar líne a ligeann don stáisiún ábhar leanúnach a chur amach. De ghnáth bheadh bearnaí ann toisc ábhar a bheith ann nach ceadmhach a thaispeáint, ach anois líontar na bearnaí sin ar an bpointe. Tá TG4 ag smaoineamh ar áiseanna eile a thabhairt isteach, leithéid clárú am-aistrithe (clárú a chuireann na príomhchláir in oiriúint do pé am atá ann san áit a bhfuil tú féin).

Ní fhéachann ach idir 2% agus 4% den phobal ar TG4 (scéal a chuirfeadh SBS na hAstráile i gcuimhne duit), rud a fhágann gur deacair a chur in iúl do dhaoine go bhfuil seónna suimiúla le feiceáil i nGaeilge: *Rásaí na Gaillimhe* (atá tar éis duais de chuid IFTA a fháil), *Aifric, Seacht, Paddywhackery, Na Cloigne* (sraith osnádúrtha) agus, ar ndóigh, *Ros na Rún*.

Deir daoine éigin gur féidir le drámaí Gaeilge a bheith dásachtach ó am go ham díreach toisc gur i nGaeilge a dhéantar iad. Deirtear freisin go dtugann ganntanas airgid ort dul i muinín na samhlaíochta, cé go bhfuil buiséad na *Rásaí* (€2.5 milliún) chomh mór le buiséad drámaí den saghas céanna ar Chainéal 4 sa Bhreatain.

Na daoine a bhaineann leis na drámaí úd, ní mór dóibh a bheith taobh le saol an Bhéarla freisin chun a mbeatha a shaothrú. I mBéarla a scríobhadh *Rásaí na Gaillimhe* ar dtús, agus más aisteoir nó stiúrthóir thú ní féidir leat trá na Gaeilge amháin a fhreastal.

Níl fórmhór lucht féachana TG4 ró-óg (os cionn an dá fhichid de ghnáth) ach éiríonn le corrdhráma dream níos óige a mhealladh, agus an scéal ag leathadh ó dhuine go duine. Dá dtarraingeodh dráma Gaeilge 100,000 duine sa bhaile bheadh ag éirí maith go leor leis, agus ina measc siúd b'fhéidir go mbeadh roinnt daoine nach bhfaca clár Gaeilge roimhe sin. Tá fáil ar lucht féachana eile anois – scata thar lear i Meiriceá Thuaidh, san Astráil agus i gcúpla áit eile. Is maith an sás é TG4 lena chur ina lú ar Ghaeilgeoirí i dtíortha eile gur teanga an-bheo í an Ghaeilge in Éirinn.



Glórtha Uladh

Recordings of the vanished dialects of Ulster.

Tá na mairbh dulta i gcré, ach fanann a nguth. Bhíodh cainteoirí dúchais i gContae Thír Eoghain, i gContae Ard Mhacha, i gContae Aontroma, i gContae an Chabháin, i gContae Dhoire agus i gContae Lú. Tá a gcuid focal le léamh agus le cloisteáil anois in *Ulster Gaelic Voices: Bailiúchán Doegen 1931* (Iontaobhas ULTACH). Róise Ní Bhaoill a chuir in eagar é, leabhar dátheangach a bhfuil beagnach 400 leathanach ann agus dhá dhlúthdhiosca ag roinnt leis.

Wilhelm Doegen a bhailigh na scéalta, rud a rinne sé ar iarratas rialtas na hÉireann sa bhliain 1931, agus fágadh ar bhailigh sé faoi chúram Acadamh Ríoga na hÉireann, áit ar tháinig Ní Bhaoill orthu. Tá tábhacht mhór stairiúil le canúintí oirthear Uladh, canúintí a bhí á labhairt ag an dá phobail, Caitlicigh agus Protastúnaigh, anuas go dtí an Drochshaol. Is dócha gur blas Ultach a bhí ar nGaeilge i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath féin – canúint aduaidh a d'fhág a rian ar Chúige Laighean.

Eolas: eolas@ultach.org.



Gaelscéal

The latest Irish-language newspaper.

Tá *Gaelscéal* againn, nuachtán nua Gaeilge atá ar fáil ag www.gaelsceal.ie. Nuachtán seachtainiúil é agus an méid seo le rá ag an eagarthóir:

Sa ghearrthréimhse ba mhaith linn páipéar atá ar comhchéim leis na páipéir atá ár gcomhghleacaithe i bhFoinse agus i *Nuacht 24* a chur amach gach seachtain agus a bheith chomh maith céanna is a bhí na páipéir Ghaeilge a bhí againn roimhe seo. Ina dhiaidh sin, ba mhaith linn an páipéar ab fhearr riamh i nGaeilge a chur amach, bun agus barr an scéil.

Aidhm í ar deacair í a lochtú, agus ní lochtófar anseo í. Leagan amach snasta, pictiúir dheasa, tráchtairacht stuama. Tá dul chun cinn le déanamh fós, gan dabht, agus is é an deacracht is mó a bheidh ag foireann an nuachtáin idirdhealú soiléir a dhéanamh idir *Gaelscéal* agus a leithéidí eile – *Foinse* agus *Nuacht24*. Foilseacháin sheachtainiúla iad uile agus tagann siad amach as éadan a chéile; murarbh fhéidir iad a aithint thar a chéile b'fhearr aon fhoilseachán amháin a dhéanamh díobh.

I bhfoirm chlóite agus leictreonach a thagann *Gaelscéal* amach, agus conradh trí bliana acu ó Fhoras na Gaeilge ar fiú €1.6 milliún é. Comhfhiontar é ag *EO Teilifís* agus ag *The Connacht Tribune*, agus aird ag an bhfoireann ar áiseanna digiteacha: tá sé le fáil ar Twitter agus ar Facebook. Tá an leagan clóite ar fáil ar fud na hÉireann agus an leagan digiteach ar fáil ar fud an domhain.

Tá fadhb le fuascailt fós agus í pléite minic go leor cheana - conas a oiread léitheoirí a sholáthar is a chothódh an oiread sin nuachtán. B'fhéidir go bhfuil na foilseacháin seo ag freastal ar phobal nach bhfuil ann go fóill – pobal téagartha comhdhlúite Gaeilge i mBaile Átha Cliath go háirithe agus scata maith i dtíortha eile. Tiocfaidh an lá, agus feicimid cé mhairfidh.



Tuarascáil an Choimisinéara Teanga

The Irish Language Commissioner's yearly report has appeared, revealing a greater public demand for services in Irish.

An Coimisinéir Teanga arís, agus Tuarascáil Bhliantúil eile uaidh. Rinneadh 687 gearán le hOifig an Choimisinéara sa bhliain 2009, méadú 15% ar an mbliain 2008. Comhairle nó focal i gcluas a réitigh an chuid is mó acu, ach uaireanta rinneadh imscrúdú foirmiúil – seacht gcinn déag san iomláine.

Fuarthas ciontach Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Níor tháinig Comhairle Chontae na Gaillimhe ná Comhairle Chontae Fhine Gall slán, agus bhí náire agus ceann faoi (b'fhéidir) ar roinnt comhlachtaí poiblí: an Chomhairle Ealaíon, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Iarnród Éireann.

Tháinig 38% de na gearáin ó Chontae Bhaile Átha Cliath agus 16% ó Chontae na Gaillimhe, rud a léiríonn cá bhfuil meáchan na teanga na laethanta seo.

Bíonn Oifig an Choimisinéara Teanga ag faire comhlachtaí poiblí lena chinntiú go gcloítear le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla. Anuraidh chuir na comhlachtaí úd 377 ceist i dtaobh a ndualgais teanga - méadú 153% ar an mbliain 2008. Bhain a lán díobh sin leis na Rialacháin nua faoi chomharthaíocht agus faoi stáiseanóireacht. Tugadh comhairle freisin faoi úsáid na Gaeilge sna cúirteanna agus ar chomharthaí tráchta.

Dúirt Seán Ó Cuirreáin, Coimisinéir Teanga, go raibh dul chun cinn déanta ach go raibh difríocht mhór fós idir an méid seirbhísí a sholáthraítear trí Ghaeilge agus a bhfuil ar fáil trí Bhéarla.



As an Afraic

An argument not only for human origins in Africa but for the routes humans took thereafter.

Is coitianta an tuairim é anois gur as an Afraic a tháingamar go léir. Ar na scoláirí is mó a chuir an teoiric seo chun cinn tá an tOllamh Stephen Oppenheimer, agus é ag baint tairbhe as an ngéineolaíocht, as an tseandálaíocht, as an ngeolaíocht agus as an teangeolaíocht. Dealraíonn sé go bhfuil formhór na ngéineolaithe stairiúla ar aon intinn leis (cé gur cnámh spairne é an méid a deir mo dhuine faoi phóir na nEorpach).¹

Tá DNA miteacoindreach ar na huirlisí is fearr chun líne ghinealaigh a rianú anuas trí na haoiseanna. Saghas DNA é a sheachadtar ó mháthair go hiníon agus ó ghlúin go glúin, agus é á iompar ag na miteacoindrí, orgánaigh a thugann fuinneamh do na cealla. Anois agus arís titeann sóchán beag amach sa DNA úd nach dtéann i bhfeidhm ar choimpléasc an duine; níl ann ach comhartha. Is féidir a dhéanamh amach ón áit ar tharla sóchán áirithe agus ó fhianaise eile cén uair a scar dhá ghrúpa agus cá raibh a dtriall.

Deir na seandálaithe gur fáisceadh sinn as an Scoiltghleann Mór in oirthear na hAfraice, rud a bhfuil an fhianaise ghéiniteach ag cur leis. Deir an DNA miteacoindreach gur sliocht sinn uile d'aon bhean amháin a bhí ina cónaí san Aifric 150,000 bliain ó shin, agus is dócha gur fhág bean dá sliocht siúd an tír sin le díorma eile idir 50,000 agus 60,000 bliain ó shin. Timpeall 200 duine a bheadh i gceist, is dócha, mar ní bheadh díorma níos lú in ann daonra a chothú agus ba dheacair do dhíorma níos mó fanacht le chéile.

Ina dhiaidh sin scar siad le chéile. Chuaigh cuid acu chun na hAstráile, chuaigh cuid eile chun lár na hÁise, chuaigh dream eile fós chun na hEorpa, agus iad ag tabhairt leo comharthaí éigin ina gcuid DNA. (Ag Loch Mungo san Astráil a fuarthas na iontaisí daonna is sine taobh amuigh den Afraic, agus iad timpeall 42,000 bliain d'aois.) Tá fianaise ann go raibh daoine ag imeacht feadh chósta na hAfraice no gur bhain siad amach Éimin, áit a bhí glas go leor ansin; bhí lochanna fíoruisce i Murascaille na hAraibe ag an am. Lean roinnt díobh an cósta chomh fada leis an an Astráil agus thug roinnt eile a n-aghaidh ar an tSín; chuaigh daoine eile ar an taobh ó thuaidh de na Himiléithe agus tháinig go dtí an Áise Láir.

Timpeall 30,000 bliain tar éis dóibh Murascail na hAraibe a bhaint amach mheall réimse glas ó thuaidh iad mar a bhfuil an Tuirc anois, agus fuair siad an Eoraip rompu timpeall 50,000 bliain ó shin.

Bhain na daoine úd le *homo sapiens* – sinn féin. Roimhe sin bhí idir *homo erectus* agus Néandartálaigh ann, agus is dócha gurb iadsan ba thúisce a d'fhág na críocha sinseartha. Deir sainéolaithe éigin gur fhág *homo erectus* an Afraic chomh luath le dhá mhilliún bliain ó shin. Tháinig *homo sapiens* ar an bhfód timpeall 250,000 bliain ó shin, agus tháinig in ionad an dá dhream eile de réir a chéile.

Níl ach dhá chuid den ghéanóm daonna an-bhuan: mtDNA agus an crómasóm Y a bhaineann le fir amháin– dhá rud a mbaintear leas astu araon chun léargas a thabhairt ar ghinealach an chine dhaonna. Fuair gach fear atá anois ann an crómasóm Y ó shinsear a bhí beo 60,000 bliain ó shin. Bhí a lán fear eile ann ag an am, ach theip orthu sin líne ghinealaigh a ghiniúint a mhairfeadh anuas go dtí an lá atá anois ann. Níorbh é ár nduine an t-aon sinsear amháin, agus b'fhéidir go dtiocfadh duine dá shliocht ina áit feasta dá n-ídeofaí an líne ghinealaigh atá anois ann.

Meastar nach d'aon sliocht iad DNA núicléach agus DNA miteacoindreach (mtDNA). Is dócha gur fáisceadh mtDNA as baictéir ar shlog na chéad chealla eocarótacha iad. (Orgánaigh a bhfuil orgánaidí faoi scannán ina gcuid ceall is ea na *heocaróit*, agus miteacoindrí ina measc.)

¹ Féach:

<http://www.bradshawfoundation.com/stephenoppenheimer/stephen-oppenheimer.html>

http://en.wikipedia.org/wiki/Stephen_Oppenheimer

http://news.bbc.co.uk/2/hi/uk_news/3618613.stm

Tá DNA déanta de dhá dhual a bhfuil naisc hidrigine eatarthu; freagraíonn núicléitídí ar dhual amháin do núicléitídí ar an dual eile in ord áirithe. Tugtar *péirí bunaidh* orthu seo. Is minic a thomhaistear géanóm (iomlán géiní orgánaigh) de réir na bpéirí bunaidh atá ann. Scrúdaítear an patrún seo chun teacht ar shócháin mhiteacoindreacha a thaispeánfadh cén *haplaghrúpa* a mbaineann duine leis – grúpa géineach a thosaíonn le sóchán áirithe agus ar féidir leis léargas a thabhairt ar scaradh dhá phobal.

Rinneadh mtDNA ó chnámha Néandartálacha a sheicheamhú, rud a léirigh go bhfuil difríocht sách mór idir an seicheamh sin agus ár seicheamh féin. Rud é a chuirfeadh in iúl gur beag idirphósadh a tharla, cé go raibh na Néandartálaigh agus *homo sapiens* ag maireachtáil in aice a chéile leis na mílte bliain.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

ACHOIMRE

Aire nua

Tá post nua ag Éamon Ó Cuív. Ba é an tAire Gaeltachta é agus bhí sé freagrach as a lán rudaí nua: stádas na Gaeilge a ardú san Aontas Eorpach, Acht na dTeangacha Oifigiúla, Oifig an Choimisinéara Teanga, athbhreithniú an Chaighdeáin Oifigiúil. Bhí meas ag daoine air, cé nach bhfuil gach duine sásta leis an gcostas a bhaineann le² cáipéisí oifigiúla a aistriú go Gaeilge. Pat Carey, polaiteoir seanchleachta,³ a tháinig ina áit.

Ar an gcoigríoch

Tá clár nua ag Raidió na Gaeltachta, clár a dtugtar ‘Ar an gCoigríoch’⁴ air. Cuirtear agallamh ar eachtrannaigh atá ina gcónaí in Éirinn agus a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu.⁵ Cloistear⁶ daoine as mórán tíortha – an Astráil, an tSeapáin, an Ungáir agus mar sin de.⁷ Is féidir an t-agallamh is déanaí⁸ (le hAindrias Vogel, Gearmánach) a chloisteáil fós ag <http://www.rte.ie/rnag/arangcoigríoch.html>.

Drámaí TG4

Is féidir anois dul go dtí suíomh TG4 ag <http://www.tg4.ie/> agus a lán drámaí agus eile a fheiceáil, ar nós ‘Rós na Rún’ agus ‘Aifric’. Ní minic atá a fhios ag daoine cá mhéad ábhar atá ar fáil ann. Uaireanta deir daoine gur féidir le TG4 a bheith dásachtach⁹ toisc gur i nGaeilge (seachas¹⁰ i mBéarla) atá na cláir seo. Níl an lucht féachana an-líonmhar agus tá an chuid is mó acu meánaosta¹¹, ach uaireanta is féidir le clár éigin na daoine óga a mhealladh. Tá seirbhís nua ag TG4 anois: cláir bheo ar-líne.

Glórtha Uladh

Tháinig leabhar nua amach le déanaí: ‘Ulster Gaelic Voices: Bailiúchán Doegen 1931’. Is leabhar dátheangach é, agus tá dhá dhlúthdhiosca ag baint leis¹². Sa bhliain 1931 bhailigh Wilhelm Doegen scéalta ó chainteoirí dúchais i gCúige Uladh in áiteanna nach bhfuil Gaeilge á labhairt a thuilleadh. Anois is féidir na seantaifeadtaí¹³ sin a chloisteáil arís.

Gaelscéal

Tá nuachtán nua Gaeilge ann: ‘Gaelscéal’. Tagann sé amach mar nuachtán clóite¹⁴ agus ar an Idirlíon ag <http://www.gaelsceal.ie/> gach seachtain. Tá dhá nuachtán sheachtainiúla ann cheana, ‘Foinse’ agus ‘Nuacht24,’ agus b’fhéidir nach mbeadh a ndóthain léitheoirí¹⁵ acu go léir. Tá ‘Gaelscéal’ le fáil ar Facebook agus ar Twitter.

Tuarascáil an Choimisinéara Teanga

Tá an Coimisinéir Teanga tar éis a thuarascáil bhliantúil a chur amach. Sa bhliain 2009 rinne níos mó daoine ná riamh gearán faoin tseirbhís a fuair siad i nGaeilge ón státseirbhís¹⁶ agus ó chomhlachtaí poiblí. Uaireanta ba ghá¹⁷ imscrúdú¹⁸ a dhéanamh. Chuir comhlachtaí poiblí mórán ceisteanna ar Oifig an Choimisinéara faoi rialacha

² the cost connected to

³ experienced

⁴ In foreign parts

⁵ who speak Irish fluently

⁶ are heard: clois

⁷ and so on

⁸ latest

⁹ audacious

¹⁰ instead of

¹¹ middle-aged

¹² connected to it, accompanying it

¹³ recordings

¹⁴ printed

¹⁵ enough readers (‘their sufficiency of readers’)

¹⁶ civil service / public service

¹⁷ It was necessary

¹⁸ investigation

nua teanga. Dúirt an Coimisinéir go raibh dul chun cinn¹⁹ déanta ach gur ghá níos mó seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.

As an Aifric

Deirtear gur as an Afraic a tháinig ár sinsir go léir timpeall 80,000 bliain ó shin agus gur féidir ginealach an chine dhaonna a rianú²⁰ siar go dtí bean Afracach a bhí beo timpeall 150,000 bliain ó shin. Déantar seo trí DNA miteacoindreach²¹ a scrúdú – DNA a thagann anuas gan bhriseadh ó bhean go bean. Uaireanta tá sóchán²² le feiceáil sa DNA sin: is féidir a dhéanamh amach dá bharr²³ cén uair a tharla sé, rud a thaispeánann cén uair a scar grúpaí éigin daonna ó chéile agus cá ndeachaigh siad. Deirtear gur bhain *homo sapiens* amach an Astráil, an tSín agus an Áise Láir ar dtús, agus an Eoraip ina dhiaidh sin. Is féidir DNA miteacoindreach a chur i gcomparáid le crómasóm Y na bhfear, comhartha buan eile. Is gá feidhm²⁴ a bhaint as an ngéineolaíocht,²⁵ as an tseandálaíocht,²⁶ as an ngeolaíocht²⁷ agus as an teangeolaíocht.²⁸ chun stair an chine dhaonna a rianú.

¹⁹ progress

²⁰ trace

²¹ mitochondrial

²² mutation

²³ as a result

²⁴ use

²⁵ genetics

²⁶ archeology

²⁷ geology

²⁸ linguistics